

Polasaí Sláinte agus Slándála

Ráiteas Ginearálta Polasaí

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht a cuireadh i bhfeidhm san Acht um Shlándáil, Sláinte agus Leas ag Obair 1989.

Leagann an Ráiteas Slándála seo amach polasaí slándála Bhoird Bainistíochta, mar aon le cuntas ar na bealaí ina gcuirfear an polasaí sin i gcríoch. Is é aidhm an Bhoird Bainistíochta gach dícheall a dhéanamh chun timpeallacht shlán, shláintiúil a sholáthar dá fhostaithe agus dá dhaltaí uile, agus a dhualgais i leith gach ball den phobal lena mbíonn teagmháil aige a chomhlíonadh.

Éilíonn an polasaí comhoibriú ó gach fostaí.

Tá sé ar intinn ag an Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas seo go minic, i bhfianaise a thaithí féin, i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht, agus i bhfianaise athruithe eile a bhaineann le hábhar.

Déanfaidh an Bord iniúchadh slándála go bliantúil, agus tabharfar tuairisc don fhoireann. Déanfar measúnú ar thuiriscí breoiteachta nó timpiste chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm nósanna imeachta a laghdóidh oiread agus is féidir an bhreoiteacht nó na timpistí sin.

Sínithe: _____
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta
Mean Fómhair 2014

Ráiteas Polasaí ar Shlándaíl, ar Shláinte agus ar Leas sa Láthair Oibre Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan

Cinnteach an Bord Bainistíochta go bhfuil a fhad agus is féidir, slándaíl den chaighdeán is airde i bhfeidhm sa scoil, agus go bhfuil ar a laghad forálacha an Achta Um Shlándaíl, Sláinte agus Leas ag Obair i bhfeidhm.

Is mian leis an Bhord Bainistíochta a chinntiú an oiread agus is féidir:

- a) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil gach áite i staid atá slán gan aon chontúirt do shláinte.
- b) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil bealaí isteach agus amach ón scoil i staid atá slán gan baol do shláinte.
- c) go bhfuil deá-dearadh, soláthar agus cothabháil ar fhearas agus ar innealra.
- d) go ndéantar nósanna oibre a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcríoch ar bhealaí atá sábháilte, i dtreo is nach bhfuil aon bhaol iontu do shláinte.
- e) go gcuirfear oiliúint i dteicnící cearta ardaithe daltaí ar fail don fhoireann mar aon le hoiliúint maidir le plé le hiompar dúshlánach ins na daltaí.
- f) go soláthrófar pé eolas, oiliúint, traenáil, agus maoirseacht atá riachtanach chun slándaíl agus sláinte ag obair a chinntiú do na fostaithe.
- g) go soláthrófar éadaí cosanta oiriúnach faoi mar is gá chun sláinte agus slándaíl fostaithe a chinntiú.
- h) go ndéanfar cleachtadh agus athchleachtadh mar is cuí at phleananna sásúla chun plé le héigeandáil, m.sh. druil dóiteáin, plé le gortaithe & rl.
- i) slándaíl agus cosaint ar bhaol sláinte maidir le húsáid aon fhearis nó aon substainte.
- j) soláthar agus cothabháil áiseanna agus socruithe maidir le leas fostaithe ag obair.
- k) soláthar, de réir mar is gá, seirbhísí daoine oilte chun sláinte agus slándaíl na foirne oibre a chinntiú.
- l) athbhreithniú rialta ar an ráiteas slándaála.
- m) go leagfar síos próiseas trína rachfar i gcomhairle maidir le sláinte agus le slándaíl a roghnú as an fhoireann teagaisc.
- n) go leagfar síos socruithe chun ionadaí fostaithe maidir le sláinte agus le slándaíl a roghnú as an bhfoireann teagaisc.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gclúdaíonn a dhualgais reachtúla faoin reachtaíocht a chuid fostaithe, daltaí na scoile, agus aon duine a bhfuil gnó dlisteanach leis an scoil aige/aici, agus an pobal. Cinnteoidh an Bord go gcuirfear i bhfeidhm forálacha an Achta um Shláindáil, Sláinte agus Leas ag Obair 1989.

Féadfar Coiste Slándála a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú pholasaithe Slándála agus Sláinte agus ar fhorálacha an Achta 1989.

Dualgais Fostaithe

Is é dualgas gach aon fhostaí an fhad is atá sé/sí ag obair:

a) cúram ciallmhar a dhéanamh dá s(h)láindáil, dá s(h)láinte agus dá leas féin, agus d'aon duine eile a mbeadh tionchar ag gníomh nó ag faillí an fhostaí air/uirthi le linn a t(h)réimhse oibre.

b) comhoibriú lena f(h)ostóir agus le duine ar bith eile ar bhealach a chuirfidh ar chumas an fhostóra nó an duine eile sin forálacha na reachtaíochta cuí a chomhlíonadh.

c) fiesteas cosanta, fearas, áiseanna nó aon rud eile a soláthraítear (don bhfostaí sin amháin nó don fhoireann le chéile) a úsáid ar bhealach a chinntíonn sláinte agus slándáil an fhostaí sin agus duine ar bith eile.

d) aon loch tar an láthair oibre, nó ar aon fhearas, nó ar aon inneallra, nó ar aon nós imeachta a chur in iúl don Bhord Bainistíochta a luaithe is a thugtar faoi deara é.

Ní chuirfidh aon duine isteach le míchúram nó d'aon ghnó ar aon fhearas, ar aon fheisteas cosanta, nó ar aon earra eile a sholáthraíonn an Bord chun críche forálacha reachtaíochta sláinte/sláindála a chomhlíonadh.

Cinntoidh fostaithe, trí úsáid a bhaint as an bhfearas agus as na háiseanna a sholáthraítear, go gcuirfear obair i gcríoch ar na bealaí is cúramaí agus is sláine is féidir.

Eolas agus Comhairle

Is é polasaí Bhord bainistíochta Ghaelscoil Lorgan:

Dul i gcomhairle leis an bhfoireann nuair atá Ráiteas Slándála agus Foirmeacha Smachta Guaise á n-ullmhú.

Cóip den Ráiteas Slándála a thabhairt do gach ball foirne atá agus a bheidh sa scoil.

Go gcuirfeadh aon eolas breise, nó aon treoracha maidir le Slándáil, Sláinte agus Leas ag Obair nach bhfuil sa ráiteas seo ar fáil d'fhostaithe faoi mar a thagann sé ar lámh go dtí an Bord.

Go mbeidh an Ráiteas Slándála seo ina chuid dhílis d'aon traenáil agus d'aon phlean forbartha foirne sa todhcháí.

Guaiseacha

Cuirfidh an Bord Bainistíochta agus an fhoireann liosta guaiseacha le chéile. Beifear in ann cuid de na guaiseacha a chur sa cheart, ach beidh cuid eile acu nach bhfuil aon leigheas orthu.

Guaiseacha gur féidir iad a leigheas, déanfar sin a luaithe agus is féidir faoi mar atá leagtha síos sa ráiteas.

Liostáilfeadh go soiléir iad siúd nach bhfuil aon leigheas orthu, agus leagfar síos polasaí agus nósanna chun an baol a bhaineann leo a mhaolú an oiread agus is féidir.

Déanfaidh an Bord bainistíochta i gcomhar leis an fhoireann monatóireacht rialta ar leigheas guaiseacha.

Guaiseanna Faoi Leith

Is é polasaí an Bhoird Bainistíochta go:

Soláthrófar go leor múchtóirí tine a phléifidh le tine d'aon chineál.

Go ndéantar seirbhísiú rialta ar fhearas tine.

Go ndéantar druil tine ar a laghad uair sa bhliain.

Go dtugtar oiliúint mar is cuí in úsáid múchtóirí tine de chineálacha éagsúla.

Go bhfuil comharthaí ann a chuireann in iúl go soiléir do chuireoirí cá bhfuil bealaí amach.

Go múchtar nó go ndíphlochóidtear fearas leictreach lasmuigh d'uaireanta oibre nó nuair a bheidh seomraí folamh ar feadh tréimhse fada.

Go dtuigeann gach aon duine go bhfuil láthair tionóil éigeandála taobh amuigh den scoil ag an ngeata.

Má tá ball foirne ar bith ag fágáil an fhoirgnimh le linn uaireanta scoile, go gcuireann sé/sí an méid sin in iúl don phríomhoide nó don leasphríomhoide.

Go bhfuil bealaí éalaithe marcáilte go soiléir.

Nach gcoimeádtar buidéal gáis i stór sa bhfoirgneamh.

Go bhfuil an scoil agus fearas na scoile seiceálta mar is cuí ag oifigeach tine, agus go bhfuil a chuid treoracha curtha i bhfeidhm.

Guaiseanna Buana

1. Innealra, fearas cistine agus fearas leictreach.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan nach mbainfidh ach duine atá inniúil ar an obair úsáid as fearas mar atá luaithe thuas. Déanfar iniúchadh rialta slándála ar an bhfearas agus ar an innealra.

2. Ábhar Ceimiceach.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan go gcoimeádfar aon ábhar ceimiceach, gallúnach, ábhar glantacháin eile i gcófra a bhfuil nó i mboscaí a bhfuil lipéadaí soiléire orthu ag míniú an ábhair sa bhosca agus rialacha a úsáidte. Coimeádfar ábhar den chineál sin faoi ghlas i stóras na nglantóirí. Déanfar soláthar ar cibé fearas cosanta is gá chun ábhar den chineál sin a úsáid.

3. Drugaí agus Leigheas.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan go gcoimeádfar gach cóir leighis san oifig.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan nach ndéanfar pian nó pianta daltaí a laghdú le cóir leighis. Má bhíonn aon ball foirne buartha faoi pháiste, déanfar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir an pháiste, nó le dochtúir.

Iarrfar ar gach teaghlach eolais éigeandála a líonadh ar an bhfoirm clárú a thugann eolas don scoil conas teach tar thuismitheoir/caomhnóir an pháiste más gá sin.

Sa chás go mbíonn páiste tinn agus go dteipeann ar fhoireann na scoile teach tar an tuismitheoir/caomhnóir faoi mar atá ar an bhfoirm éigeandála, is é polasaí an Boird Bainistíochta go ndéanfaidh foireann teagaisc na scoile pé socrú a mhothaíonn siad a bheith riachtanach chun sláinte an pháiste a chosaint, i.e. é/í a thabhairt chuig an dochtúir nó ospidéal, nó pé socrú eile a mhothaíonn an fhoireann a bheith riachtanach.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan nach dtabharfaidh aon múinteoir aon leigheas d'aon pháiste.

Slándáil

Iarrtar ar pháistí rialacha na scoile agus ordaithe múinteoirí maidir lena slándáil a chomhlíonadh go beacht agus go tapa. Mura dhéanann siad é seo tagann an polasaí smachta i bhfeidhm agus leanann an scoil na coinníollacha atá leagtha síos ansin ar son slándáil agus sláinte na páistí uilig sa scoil. Leanann an scoil rialacha an Roinn Oideachas agus Eolaíochta agus moltaí an NEWB maidir le seo. (c/f Polasaí Smachta na scoile).

Níl cead ag aon pháiste talamh na scoile a fhágáil mura dtagann tuismitheoir/caomhnóir ag triall air/uirthi seachas má tá litir ón dtagann tuismitheoir/caomhnóir.

Ní mór do gach páiste cúram a dhéanamh dá shlándáil féin agus do shlándáil páistí eile.

Garchabhair

Is é polasaí an Bhoird Bainistíochta:

Ar a laghad ball amháin d'fhoireann na scoile a bheith oilte ar Garchabhair.

Beidh dhá bhosca garchabhrach líonta go cuí, ar fáil in oifig na scoile agus beidh an leas phríomh óide i gceannas ar seo.

Tabharfaidh aon mhúinteoir a bheidh ag tabhairt páistí at thuras ceann de na boscaí seo in éineacht leis/lei.

An Bord Bainistíochta 2014